

Ráiteas Straitéise 2019-2021

Breisluch a chur le cáilíochtaí



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Clár

[1] Réamhrá

[2] Buneolas agus Comhthéacs

[6] Fís, Misean agus Luachanna

[8] Cé muid féin, cad a dhéanaimid anois
agus cad a dhéanfaimid amach anseo

[10] Ár dtosaíochtaí, ár ngníomhaíochtaí agus táscairí

Tosaíocht 1 – Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí [10]

Tosaíocht 2 – Anailís agus Tionchar [12]

Tosaíocht 3 – Comhoibriú agus Rannpháirtíocht [13]

Tosaíocht 4 – Cumas Eagraíochtúil [14]

Réamhrá

Tógann Ráiteas Straitéise Dhearbhu Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann (QQI) ar an dul chun cinn substaintiúil atá déanta ag an eagraíocht ó bunaíodh é in 2012, chun muinín a chothú i measc foghlaimeoirí agus fostóirí maidir le cailíocht an bhreisoideachais agus an ardoideachais agus na hoiliúna in Éirinn.

Tréimhse dhúshlánach don eagraíocht ar shlite éagsúla a bheidh sa tréimhse 2019-2021, atá faoi chaibidil sa ráiteas straitéise seo. Achtófar reachtaíocht lena leasófar ról agus sainordú an QQI go luath i saol na straitéise nua seo, leathnóidh sé raon gníomhaíochtaí na heagraíochta, agus tairgfídh sé rochtain rialáilte d'fhorais cháiliúcháin ar an gCreat Náisiúnta Cailíochtaí, as a leanfaidh cosaint níos fearr d'fhoghlaimeoirí agus trínar féidir Marc Oideachais Idirnáisiúnta éifeachtach a chur ar fáil. Is maith ann na forbairtí seo.

Dúshlán mór a bheidh ann don eagraíocht i dtréimhse na straitéise seo na hacmhainní riachtanacha a bhailiú chun na bearta breise a chur i bhfeidhm go rathúil agus muid ag iarraidh breisluach a chur leis na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna, trí bhonn eolais a chur faoi cheapadh beartais agus tríd an tseirbhís a chuirimid ar fáil do sholáthraithe a bheachtú agus a bhreisiú. Táimid ag tnúth le glacadh leis an dúshlán seo.

Ullmhaíodh an ráiteas seo tar éis dhul i gcomhairle go forleathan le geallsealbhóirí. Ba mhaith linn ár meas ó chroí a léiriú ar ár ngeallsealbhóirí agus ar ár bhfoireann uile as an méid a chuir siad leis an bpróiseas seo agus táimid ag tnúth le dul i mbun oibre ar shlí chomhtháite lenár gcomhpháirtithe uile chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm go rathúil.

Ms. Joanne Harmon
Cathaoirleach

An Dr Pdraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

Buneolas agus Comhthéacs

Is gníomhaireacht é an QQI a chuimsíonn gach oideachas agus oiliúint iar-mheánscoile, a fhágann go raibh áit lárnach againn i mórchuid de na hathruithe agus na forbairtí móra atá tite amach san oideachas agus oiliúint le blianta beaga anuas.

Táimid tiomanta do phrionsabal na freagrachta i bpáirt a chiallaíonn gur ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna atá an phríomhfhreagracht reachtúil as cáilíocht agus a dearbhú agus gurb é ról an QQI treoir agus cuntasacht a chur leis. Déanaimid amhlaidh trí threoirlínte ar dhearbhú cáilíochta a eisiúint do sholáthraithe agus trí mhonatóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh agus tuairisciú ar a éifeachtaí atá nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta an tsoláthraí. Comhroinnimid an fhreagracht le raon geallsealbhóirí as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chothabháil agus a fhorbairt, creat a chuireann cáilíochtaí ar fáil a chomhlíonann an t-éileamh. Sa chéad tréimhse eile, leagfaimid béim níos mó ar anailís agus léiriú a dhéanamh ar an tionchar atá ag bearta a glacadh chun cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú chun leas foghlaimoírí.

An méid atá bainte amach againn

Ón straitéis deiridh, tá dul chun cinn substaintiúil déanta againn inár bpríomhréimsí tosaíochta. Tá acmhainní curtha i leataobh ag an QQI chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt. D'fhoilsíomar

measúnú tionchair beartais ar an gCreat, mar thoradh ar staidéar fairsing bliana ar thuairimí geallsealbhóirí. Chuireamar tús, leis, le sraith dar teideal *Qualifications Policy Insights* ag tosú le *National Qualifications Frameworks - Reflections and Trajectories*. Leanfaimid den tsraith ábhar machnaimh seo mar chuid dár gcuid oibre ar an gCreat.

Rinneamar an-dul chun cinn i dtaca le dearbhú cáilíochta, trí threoirlínte lárnach agus forlíontacha beartais a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú. Bhí cruinnithe againn le raon leathan geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag na forbairtí seo orthu, chuireamar mionteagasc ar fáil dóibh agus d'fhoilsíomar ár gcuid beartas agus treoirlínte ar an suíomh gréasáin.

Sheol an QQI CINNTE, an t-ainm atá ar an timthriall athbhreithnithe ar cháilíocht institiúidí atá ar siúl againn faoi láthair. Déanfar gach ceann den 22 institiúid ardoideachais atá faoi rialáil phoiblí a mheasúnú sa tréimhse 2018 – 2023. Is é aidhm na n-athbhreithnithe cáilíochta seo measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a dhéantar an cháilíocht san oideachas a chothabháil agus a bhreisiú. Cuireadh tús le cleachtadh den sórt céanna leis na 16 bord oideachais agus oiliúna trí cheadú foirmiúil an QQI a thabhairt do gach bord oideachais agus oiliúna go bhfuil nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta curtha ar bun acu atá ar aon dul le treoirlínte an QQI.

Chruthaíomar aonad nua Dearbhú Cáilíochta do Phrintíseachtaí chun tacú le soláthar printíseachtaí ar fud na tíre. Tá an QQI ag obair le soláthraithe sna hearnálacha ardoideachais, breisoideachais agus oiliúna chun cláir phrintíseachta a thairiscint, agus leanfaimid ag tacú leo chun gur féidir printíseachtaí atá dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta a chur ar fáil dóibh, ar aon dul le beartas an Rialtais.

Léiríomar cumas nuálaíochta sa tslí ar ghlacamar le modhanna teicneolaíochta chun an tslí a ndéanaimid ár gcuid gnó a bhreisiú agus a fheabhsú, trí chórais a chur i bhfeidhm a chuireann le héifeachtúlacht ar nós córas comhtháite eolas teagmhála, córas íocaíochtaí ar líne a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, comhairle aitheanta féinseirbhíse maidir le cáilíochtaí idirnáisiúnta a thabhairt isteach, agus eolas inrochtana agus cuimsitheach staitistiúil a chur ar fáil tríd an tseirbhís grafaice faisnéise.

Bunaítear obair an QQI go dlúth ar bheartas an Rialtais. Tacaímid le huailmhian an Aire Oideachais agus Scileanna an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a bheith ag Éirinn faoin 2026. Léiríonn ár gcuid oibre an fócas ar cháilíocht i *bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-19* an Rialtais. Is baill sinn den Chomhairle Náisiúnta

Scileanna agus den Chomhairle Printíseachta agus táimid rannpháirteach sa Straitéis Bhreisoideachais agus Oilíúna 2014-19 agus ina athbhreithniú. Leanfaimid ar aghaidh ag obair go gníomhach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, soláthraithe, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí eile chun an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas agus straitéisí gaolmhara Rialtais ar nós Tionscadal Éireann 2040 spriocanna a chur i gcrích.

An Timpeallacht atá ag Athrú

Sna sé bliana dheireanacha, tá athrú as cuimse tagtha ar an oideachas agus an oiliúint. Tá athchóiriú chun éifeachta déanta ar an mbreisoideachas agus oiliúint, trí bhoird oideachais agus oiliúna agus SOLAS a bhunú, ar a bhfuil an cúram an Straitéis Bhreisoideachais agus Oilíúna 2014-2019 a chur i ngníomh.

San ardoideachas rinneadh mórchuid coláistí oiliúna a chomhtháthú leis na hollscoileanna, agus ainmníodh cineál nua institiúide – an ollscoil theicniúil – a leanfaidh as roinnt institiúidí a chumascadh. Tá Creat Feidhmíochta Ardoideachais curtha i bhfeidhm chun gur féidir le hinstiúidí aonair a misean féin a shocrú laistigh de na spriocanna náisiúnta. Tacaíonn an QQI leis na forbairtí seo, trína chuid oibre le rialtais, gníomhaireachtaí agus institiúidí rialtais.

Tar éis gur bunaíodh an Chomhairle Printíseachta in 2014, cuireadh cláir nua printíseachta ar bun. Clúdaíonn na printíseachtaí seo atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta leibhéal a cúig go dtí a naoi ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i réimsí nua ar nós na cuntasáíochta, an árachais, seirbhísí airgeadais agus réadmhaoine. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí nua chun na printíseachtaí seo a chur ar fáil agus printíseachtaí nua a bhailíochtú.

Maidir le hoideachas idirnáisiúnta, glacann an QQI go fonnmhar lena ról chun spriocanna agus cuspóirí *Irish Educated, Globally Connected, an International Education Strategy for Ireland, 2016-2021* a chomhlíonadh. Orainne a bheidh an cúram as an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bronnfaidh an QQI an Marc Idirnáisiúnta Oideachais ar sholáthraithe a chomhlíonann an Cód Cleachtas d'fhoghlaimoirí idirnáisiúnta san ardoideachas agus i Múineadh an Bhéarla. Cuirfidh sé ar chumas an QQI dea-cháil an chórais oideachais in Éirinn agus dea-cháil Mhúineadh an Bhéarla, go háirithe, a mhéadú ar an ardán idirnáisiúnta.

Cuspóir lárnach sa tréimhse seo a bheidh ann na beartais agus na próisis nua agus leasaithe atá riachtanach faoin mBille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) 2018 a ullmhú agus a chur i bhfeidhm go hiomlán. D'fhoilsigh an Rialtas an reachtaíocht

leasaitheach le cinntiú gur féidir leis an QQI a bhfuil ar fáil tríd an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a leathnú chuig dámhachtainí a dhéanann forais cháiliúcháin eile, chun bonn reachtúil a chur faoin Marc Idirnáisiúnta Oideachais agus chun cosaint níos fearr a thabhairt d'fhoghlaimoirí.

I dtreo 2021

Sa Ráiteas Straitéise seo, táimid ag tnúth leis na chéad trí bliana eile agus le díriú ar an timpeallacht dhúshlánach ina bhfuilimid ag obair. Anuas ar athruithe beartais agus struchtúrtha, ní mór dúinn ceann a thógáil den éileamh ar aitheantas do scileanna, ar an digitiú agus ar thionchar na nua-theicneolaíochtaí ar an timpeallacht foghlama. Is dóigh linn go ndéanfar dul chun cinn i leith Limistéar Eorpach Oideachais faoin mbliain 2025 agus go mbeidh Éire ina cheartlár. Meastar go dtabharfaidh an QQI eolas agus comhairle ar na forbairtí domhanda agus Eorpacha seo ar scileanna, ar aitheantas do cháilíochtaí, agus ar idirnáisiúnú an oideachais i gcoitinne.

Mionsonraítear sa ráiteas seo na luachanna lena sainítear sinn, na tosaíochtaí agus na gníomhartha is gá chun muinín a chothú i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus na táscairí a úsáidfeadh chun ár dtionchar a thomhas. Cuireadh i dtoll a chéile é tar éis dul i gcomhairle go forleathan le geallsealbhóirí agus comhpháirtithe.

Sa tréimhse 2019-2021, déanfar tuilleadh forbartha ar ár bpríomhról chun caighdeán a chosaint agus cáilíochta a fheabhsú, trí shláine an **Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí** a mhéadú agus a chur chun cinn.

Léireoidimid tríd an **anailís** a dhéanaimid an **tionchar** a bhíonn ag obair an QQI trí fheabhsú cáilíochta a chur chun cinn i measc soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus an tslí a n-úsáidtear é sin ina dhiaidh sin chun taithí agus torthaí na bhfoghlaimoírí a fheabhsú. Bainfimid leas ar ár saineolas agus eolas sa réimse seo chun na príomh-gheallsealbhóirí a chur ar an eolas agus chun tionchar a imirt orthu. Úsáidfeair ár meastóireachtaí, anailís agus foilseacháin chun tuiscint níos iomláine a fháil ar ról na cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna, agus treoróidh siad lucht déanta beartais agus cisteoirí agus cinntí á ndéanamh acu

Braithfidh rath na heagraíochta ar **chomhoibriú straitéiseach** le geallsealbhóirí chun ár dtosaíochtaí a chur i ngníomh agus chun fíis i bpáirt den rud is oideachas agus oiliúint ardchaighdeán ann a chur in iúl.

Cuirfidh an straitéis, ar aon dul le *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*, an straitéis náisiúnta um fhorbairt agus nuáil sa tseirbhís phoiblí, ar ár gcumas ár **gcumas eagraíochtúil** a fhorbairt, chun tacú le hinbhuanaitheacht, feabhsúchán agus dea-rialachas.

Aithnímid gur dúshlán mór a bheidh ann don QQI a chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha daonna agus airgeadais againn i dtréimhse na straitéise seo chun gníomhartha breise a ghabháil orainn, agus féachaint ag an am céanna le breisluch a chur leis an oideachas agus an oiliúint, agus chun ár dtairiscint seirbhíse a bhreisiú.

Fís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís

Geallaimid dul i mbun oibre go díograiseach agus go diongbháilte i leith fís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna ardchaighdeáin forleathana oideachais agus oiliúna, ionas gur féidir le foghlaimeoirí an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh trí cháilíochtaí a bhaint amach, cáilíochtaí a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ár Misean

Coimeádann an QQI muinín an phobail i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, cothaíonn sé iontaoibh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus gríosáíonn sé soláthraithe oideachais agus oiliúna chun feabhsúcháin leanúnacha a chur i gcrích.

Ár Luachanna

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléir agus ar iompraíochtaí gaolmhara.

Creidimid go bhfuil **freagracht i bpáirt** againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gurb é an tslí is fearr lenár spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach dul i mbun oibre i gcomhar agus go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn **iarrachtaí comhoibritheacha** ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid dul i mbun oibre le **hoibiachtúlacht agus trédhearcacht**. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus trína gcothaítear muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn **an ghnóthachtáil agus an tionchar** - an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre.

Táimid tiomanta **don fhoghlaim agus don nuálaíocht** inár n-eagraíocht ar mhaithe lenár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

FÍS

Deiseanna ardchaighdeáin forleathana oideachais agus oiliúna a chuireann ar chumas foghlaimeoirí an gealladh atá fúthu a chomhlíonadh trí cháilíochtaí a ghnóthú, cáilíochtaí a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

TOSAÍOCHT 1

Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí

Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint

TOSAÍOCHT 2

Anailís agus Tionchar

Anailís agus léiriú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag bearta a rinneadh chun cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú ar leas foghlaimeoirí

TOSAÍOCHT 3

Comhoibriú agus Rannpháirtíocht

Tacú le córas ardcháilíochta oideachais agus oiliúna trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a théann chun leas an dá thaobh

TOSAÍOCHT 4

Cumas Eagraíochtúil

Cumas inmheánach a thógáil chun ár bhfeidhmiúlacht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl

Cé muid féin, cad a dhéanaimid anois agus cad a dhéanfaimid amach anseo

Dearbhú Cáilíochta

- » Eisímid treirlínte maidir le dearbhú cáilíochta.
- » Ceadáimid nósanna imeachta soláthraithe um dhearbhú cáilíochta.
- » Bailíochtaímid cláir oideachais agus oiliúna.
- » Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar sholáthraithe.
- » Reáchtálaimid tionscadail agus eagraímid imeachtaí chun feabhsú ar cháilíocht a chothú.



Cáilíochtaí

- » Socraímid caighdeán do dhámhachtainí oideachais agus oiliúna.
- » Bronnaimid cáilíochtaí agus eisímid dearbhuithe.
- » Cinntímid go gcuireann soláthraithe deiseanna rochtana, aistriútha agus forchéimnithe ar fáil d'fhoghlaimoirí.



QQI AWARD

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

- » Coimeádfaimid an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí marchóras trína ngaolaítear leibhéil eagsúla cáilíochtaí lena chéile.
- » Déanfaimid an CNC a thacú, a chur chun cinn agus a fhorbairt tuilleadh.
- » Ceadóimid cáilíochtaí na bhforas cáilíocháin a chur san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Aitheantas

- » Cuirfimid comhairle ar fáil ar aitheantas docháilíochtaí eachtracha in Éirinn.
- » Cuirfimid comhairle ar fáil ar aitheantas do cháilíochtaí Éireannacha thar lear.



Oideachas Idirnáisiúnta

- » Bunóimid Cód Cleachtas do sholáthraithe a thairgeann cúrsaí d'fhoghlaimoírí idirnáisiúnta.
- » Ceadóimid do sholáthraithe Mhúineadh an Bhéarla agus ardoideachais an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid.



Ár dtosaíochtaí, ár ngníomhaíochtaí agus ár dtáscairí

Tosaíocht 1 – Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí

Sláine an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint.

Gníomhartha

- a. Rialóimid an rochtain ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí d'fhorais cháilíocháin agus do cháilíochtaí agus déanfaimid an Creat a chothabháil, a fhorbairt agus a chur chun cinn mar ghné lárnach de chóras solúbtha freagrúil do cháilíochtaí in Éirinn atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta.
- b. Déanfaimid ár gcóras caighdeán agus dámhachtainí a athrú chun éifeachta chun gur féidir le soláthraithe cláir oideachais agus oiliúna atá solúbtha, freagrúil agus tagarmharcáilte go náisiúnta a chur ar fáil, cláir as a leanfaidh dámhachtainí an QQI.
- c. Rialóimid an teacht ar dhámhachtainí an QQI i measc soláthraithe príobháideacha oideachais agus oiliúna agus cuirfear slándáil ar fáil dá bhfoghlaimeoirí trí chiste cosanta reachtúil d'fhoghlaimeoirí a thabhairt isteach.
- d. Údaróimid do sholáthraithe ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid.
- e. Cuirfimid eolas cuimsitheach ar fáil agus aithneofar sinn mar ghuth údarásach ar sholáthar ardchaighdeán oideachais agus oiliúna agus ar na cáilíochtaí atá ar fáil in Éirinn.

Táscairí

- i. Tá Creat Náisiúnta Cáilíochtaí ag Éirinn trína léirítear forbairt i gcreataí idirnáisiúnta cáilíochtaí.¹
- ii. Tá eolas maidir le cáilíocht agus dearbhú an oideachais níos infheicthe agus níos infhaighte.
- iii. Caighdeáin dámhachtana freagrúla agus inbhuanaithe is ea caighdeáin dámhachtana an QQI, comhlíonann siad riachtanais foghlaimeoirí, soláthraithe agus fostóirí, agus tá siad ceaptha le riachtanais atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh, freisin.
- iv. Soláthraithe a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí ar an CNC, tá an cumas agus an acmhainn acu chun riachtanais rialála an QQI a chomhlíonadh agus a chinntiú go sroicheann a gcuid foghlaimeoirí na caighdeáin chúí.
- v. Gníomhaíonn an QQI mar is cuí nuair a bhíonn fianaise ann a chruthaíonn gur laghdáíodh cáilíocht nó caighdeáin, ionas go gcosnaítear sláine an chórais Éireannaigh oideachais agus oiliúna.
- vi. Bronntar an Marc Idirnáisiúnta Oideachais ar institiúidí agus soláthraithe a chomhlíonann riachtanais na scéime.
- vii. Is ceann scribe níos tarraingtí í Éire d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta.

1 lena n-áirítear moltaí leasaithe an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí; Europass agus Príomhinniúlachtaí; Bailíochtú na Foghlama Neamhfhoirmiúla agus Mífhoirmiúla; Córas rangaithe na hEorpa um Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Slite Beatha (ESCO), Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL) agus Leibhéal Tagartha Domhanda UNESCO trína n-éascaítear comparáid agus aitheantas idirnáisiúnta do cháilíochtaí.

Tosaíocht 2 – Anailís agus Tionchar

Úsáid a bhaint as ár suíomh uathúil mar ghníomhaireacht a dhéanann cúram de gach oideachas agus oiliúint iarmheánscoile chun anailís agus léiriú a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá déanta againn chun cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú chun leas foghlaiméirí.

Gníomhartha

- a. Úsáidfeá ár meastóireachtaí neamhspleácha ar sholáthraithe agus ár dtaighde agus ár n-anailís ar mheastóireachtaí faoi threoir soláthraithe chun comhairle ardleibhéil a thabhairt do dhéantóirí beartais agus do chisteoirí maidir le cáilíocht sa chóras oideachais agus oiliúna.
- b. Cuirfimid treoir ar fáil do sholáthraithe agus déanfaimid meastóireacht orthu chun breisiú cáilíochta sa soláthar oideachais agus oiliúna a spreagadh agus a chur chun cinn.
- c. Déanfaimid anailís agus tuairisc dhian ar thorthaí ár gcórais cháilíochtaí le go mbeidh siad mar bhonn eolais do chinnteoirí oideachais agus do chinnteoirí sa mhargadh saothair.

Táscairí

- i. Baineann an príomhlucht tionchair i saol an oideachais agus na hoiliúna úsáid as tuairiscí earnála agus anailíseacha de chuid an QQI, agus déanann siad tagairt dóibh.
- ii. Léiríonn soláthraithe tiomantas don cháilíocht trí phróisisreachtúla an QQI a chur i gcrích, lena n-áirítear ceadú do nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta, bailíochtú clár agus athbhreithniú timthriallach.
- iii. Foilsíonn soláthraithe a gcuid nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta agus na tuairiscí a leanann cur i bhfeidhm na nósanna imeachta sin.
- iv. Déantar córas um dhearbhu cáilíochta oideachais agus oiliúna na hÉireann a thagmharcáil i gcomparáid le córais láidre i dtíortha eile.
- v. Léiríonn mic léinn ardoideachais leibhéil leathana comhsheasmhacha de rannpháirtíocht san fhoghlaim, faoi mar a thomhaistear i Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn.
- vi. Úsáidtear anailís ar thionchar bheartas an QQI mar bhonn le beartais an QQI a cheapadh agus a athbhreithniú.

Tosaíocht 3 – Comhoibriú agus Rannpháirtíocht

Tacú le córas ardcháilíochta oideachais agus oiliúna trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a théann chun leas an dá thaobh.

Gníomhartha

- a. Déanfimid ár ndícheall chun an beartas a chur ar bhonn fianaise agus chun tionchar a imirt air tríd an gcaidreamh a bhíonn againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí agus le geallsealbhóirí eile.
- b. Comhoibreoimid le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí gairmiúla aitheantais chun go mbeidh beartas comhordaithe ann i leith riachtanais scile, rialacháin agus caighdeáin agus cáilíochtaí gaolmhara ceirde.
- c. Oibreoimid le soláthraithe agus forais cháiliúcháin chun freagracht i bpáirt as córas ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna a chur chun cinn, córas a spreagann trédhearcacht agus feabhsúchán.
- d. Oibreoimid le comhlachtaí ionadaithe d'fhoghlaimoirí chun deachleachtas a spreagadh i measc soláthraithe.
- e. Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe san Aontas Eorpach agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun tionchar a imirt ar bheartas cáilíochta agus cáilíochtaí na hEorpa agus chun bonn a chur lenár gcuid oibre anseo in Éirinn.

Táscairí

- i. Déantar ar meamraim tuisceana leis an Údarás um Ardoideachas agus le SOLAS agus ár gcomhaontuithe idirnáisiúnta a athnuachan, a chur i bhfeidhm, agus tá meas ag ár gcomhpháirtithe orthu.
- ii. Rannchuidíonn an QQI le straitéisí agus obair forbartha lucht tionchair agus déanta beartais.
- iii. Tá fíis i bpáirt ag soláthraithe agus geallsealbhóirí den rud is cáilíocht ann i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus ar a ról agus a fhreagrachtaí gaolmhara.
- iv. Laghdaítear an t-ualach rialála ar sholáthraithe trí iarrachtaí comhoibritheacha a dhéanann an QQI agus comhlachtaí gairmiúla agus rialála.
- v. Tá ár soláthraithe agus geallsealbhóirí sásta leis an tslí a ndéanann an QQI a bheartais, nósanna imeachta agus caighdeáin a fhorbairt, a bhunú agus a chur in iúl.
- vi. Is é an QQI an rogha comhpháirtí i dtionscnaimh phróisis an AE agus Bologna maidir le hoideachas agus oiliúna iar-mheánscoile.
- vii. Gné shuntasach den bhonn eolais ar a bhunaítear beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le hoideachas agus oiliúint is ea beartais agus leasanna na hÉireann.

Tosaíocht 4 – Cumas Eagraíochtúil

Cumas inmheánach a fhorbairt, chun ár bhfeidhmiúlacht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl.

Gníomhartha

- a. Leanfaimid de thacú lenár bhfostaithe chun feidhmeannacht sholúbtha, rannpháirteach, in-oiriúnaithe agus inspreagtha a chothú.
- b. Déanfaimid comhaontú a cheapadh agus a lorg ar mhaithe le samhail thrédhearcach inbhuanaithe cistiúcháin, trína gcothófar muinín i gcur i gcrích ár straitéise.
- c. Déanfaimid tuilleadh infheistíochta inár mbonneagar agus cumas inmheánach TFC mar shlí chun táirgiúlacht na heagraíochta a fheabhsú agus leibhéal seirbhíse dár gcliaint uile a bhreisiú.
- d. Léireoidimid dea-chleachtas i dtaca lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus chun cloí leis na hoibleagáidí ábhartha reachtacha agus rialála.

Táscairí

- i. Tacaíonn pleanáil rathúil lucht saothair le seachadadh éifeachtach na straitéise seo.
- ii. Aithníonn an QQI marc cáilíochta aitheanta d'acmhainní daonna agus baintear an marc sin amach.
- iii. Tá sruthanna cobhsaí, intuairthe, inbhuanaithe agus thrédhearcacha ioncaim curtha ar bun ag an QQI.
- iv. Freagraíonn feidhmchláir agus córais ghnó TFC riachtanais an QQI, riachtanais atá ag dul i méid.
- v. Éiríonn linn seirbhís um fhíorú dámhachtainí a chur i bhfeidhm ar son fostóirí agus grúpaí eile.
- vi. Comhlíonann an QQI an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- vii. Straitéis réamhghníomhach agus fhreagrúil cumarsáide a thacaíonn le seachadadh straitéis na heagraíochta.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann



26/27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2



+353 (0) 1 905 8100



www.QQI.ie



<http://qhhelp.qqi.ie> [CUSTOMER SERVICE]



@QQI_connect